# Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Lucht Saothair na Sláinte agus Straitéis Chúraim do Thodhchaí na hEorpa

**(Tuairim féintionscnaimh)**

(2022/C 486/06)

Rapóirtéir: **Danko RELIĆ**

Rapóirtéir: **Zoe TZOTZE-LANARA**



| | |
|---|---|
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 20.1.2022 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| | Tuairim féintionscnaimh |
| Rannóg atá freagrach | Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht |
| Dáta a glactha sa rannóg | 6.9.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 21.9.2022 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 572 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 194/4/3 |



## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá CESE tiomanta don phrionsabal nach féidir córais sláinte láidre athléimneacha a chur ar bun ná a fhorbairt ach amháin má tá lucht saothair sciliúil ann a bhfuil oiliúint agus fonn oibre air, rud atá riachtanach i dtaca le beartas sláinte a mbeidh rath air a thabhairt isteach agus, dá thoradh sin, i dtaca le cumhdach sláinte atá dírithe ar an duine daonna agus an "ceart chun sláinte" a bhaint amach do chách, mar a moladh le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'fhonn rochtain chomhionann agus inbhuanaithe ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach íceach ardchaighdeáin a áirithiú do mhuintir uile na hEorpa.

1.2. Is díol sásaimh do CESE an tionscnamh maidir le gníomh ar leibhéal an Aontais chun cur leis an gcúram fadtéarmach agus le hoideachas agus cúram na luath-óige mar atá beartaithe de réir Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud a chabhróidh le seirbhísí cúraim inacmhainne cothroma inrochtana ardchaighdeáin a sholáthar agus a chuirfidh leis an gcomhionannas inscne agus an chothroime shóisialta.

1.3. Tá CESE ag iarraidh cur chuige i leith an chúraim arbh athrú ó bhonn é, ceann lena ndíreofaí ar dhaoine, ar a gcuid ceart agus ar a gcuid riachtanas, agus ceann ina mbeadh na daoine féin páirteach sa phlé, sna comhairliúcháin agus i ndéanamh na gcinntí a bhaineann le hábhar. Tá sé ag tathant ar an gCoimisiún céim ard a chur roimhe agus straitéis chúraim a leagan amach a chuirfidh leis an gcomhtháthú agus an cóineasú aníos idir na Ballstáit agus laistigh díobh ó thaobh cúram sláinte agus cúram fadtéarmach de.

1.4. Dá mba ann do Ráthaíocht Eorpach um Chúram, d'fhéadfaí a áirithiú go mbeadh rochtain ar feadh an tsaoil ag gach duine a bhfuil cónaí air san Aontas ar chúram agus seirbhísí sláinte ardchaighdeáin inacmhainne, agus d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá sa chóras cúraim sláinte, dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn, agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil. Ó thaobh úsáid éifeachtach na n-acmhainní de, tá sé ríthábhachtach tacaíocht agus aitheantas níos fearr a thabhairt do na cúramóirí neamhfhoirmiúla agus beartais a dhíriú ar na fadhbanna a bhaineann don chúram neamhfhoirmiúil ar íocaíocht agus gan íocaíocht araon.

1.5. I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí poiblí éifeachtúla cuntasacha dea-mhaoinithe i gcónaí i dtaca le rochtain chomhionann ar chúram ardchaighdeáin a áirithiú, tá CESE ag iarraidh ar an Aontas Eorpach comhlántacht a áirithiú idir na soláthraithe seirbhísí cúraim go léir, ar bhonn dlúthpháirtíochta, infheistíocht sna seirbhísí poiblí agus sa gheilleagar sóisialta a mhealladh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe an gheilleagair shóisialta in earnáil an chúraim.

1.6. Ba cheart forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur san áireamh agus lucht saothair á phleanáil, mar cuirtear deiseanna ar fáil a bhuí leis an nuálaíocht sna réimsí sin timpeallachtaí oibre agus cúinsí nua a chruthú inar féidir cúram a sholáthar, agus bíonn scileanna nua ag teastáil dá thoradh. Tá sé riachtanach tacú le digitiú na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, má táthar le dul i ngleic leis an mbearna dhigiteach agus an bhochtaineacht dhigiteach.

1.7. Tá CESE ag moladh an Plean Gníomhaíochta um Lucht Saothair an Chúraim Sláinte san Aontas Eorpach ([1]) a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé riachtanach, má táthar le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí sin, pleanáil agus réamhaisnéisiú comhtháite maidir leis an lucht saothair a fhorbairt agus scileanna lucht saothair an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú. Dá dtabharfaí an plean cothrom le dáta, bheifí in ann bailiú sonraí níos fearr a áirithiú agus acmhainneacht an digitithe ar fud an Aontais a chur chun tairbhe dá thoradh, agus modhanna níos fearr a fhorbairt le ganntanais a thuar ó thaobh lucht oibre agus scileanna de.

1.8. Is mian le CESE a chur i bhfáth gur gá aird a thabhairt ar an gceart chun soghluaisteachta laistigh den Aontas. Cuireann an tsoghluaisteacht trasteorann gné bhreise le pleanáil an lucht saothair. Ba ghné áisiúil fhadtéarmach den bhonneagar é seirbhís Eorpach um fhaireachas ar lucht saothair na sláinte a bhunú chun cuidiú leis na Ballstáit struchtúir phleanála a leagan síos agus a choimeád, agus gnéithe trasteorann den phleanáil a chomhordú.

1.9. Tá sé ríthábhachtach idirphlé sóisialta a bheith ar bun a bhfuil rialtais, fostóirí, oibrithe agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha páirteach ann, má tá straitéis chúraim chlaochlaitheach agus córais athléimneacha sláinte agus cúraim le bheith san Aontas. Ní mór rannpháirt a thabhairt don lucht cúraim agus don dream dá ndéantar cúram sa phleanáil má tá éiceachóras cúraim agus sláinte le bheith ann a bheidh cuimsitheach agus athléimneach, agus a mbeidh comhionannas inscne ann.

## 2. **Barúlacha ginearálta maidir leis an gcúram**

2.1. Is cuid lárnach de chosaint shóisialta agus folláine shaoránaigh an Aontais an cúram fadtéarmach. Is éard atá ann réimse leathan seirbhísí agus cúnaimh do dhaoine a mbíonn laige agus/nó míchumas meabhrach agus/nó coirp ag baint dóibh thar thréimhsí fadaithe ama, do dhaoine a mbíonn cabhair ag teastáil uathu sa saol laethúil, agus/nó do dhaoine a bhfuil cúram altranais arna dhéanamh ag soláthraithe gairmiúla nó neamhghairmiúla a íoctar nó nach n-íoctar ag teastáil go buan uathu sa bhaile nó ag ionaid altranais chónaithe ([2]).

2.2. Triail ghéar ar athléimneacht agus leordhóthanacht na gcóras cúraim ar fud an Aontais ab ea paindéim COVID-19. Tugadh fadhbanna struchtúracha chun solais, cuir i gcás tearc-chistiú agus tearclíon foirne in an-chuid tíortha, a d'fheadfadh dul in olcas de dheasca dúshláin eacnamaíocha agus polaitíochta leanúnacha, boilscithe, éiginnteachta agus na géarchéime fuinnimh.

2.3. I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, cumhdaítear an ceart chun cúraim agus an ceart chun rochtana ar sheirbhísí cúraim fhoirmiúil ardchaighdeáin de réir mar is gá. Ba í Uachtarán an Choimisiúin, Ursula Von der Leyen, a d'fhógair straitéis nua Eorpach i leith cúram sláinte san aitheasc ar staid an Aontais a thug sí in 2021. Dhá mholadh ón gComhairle atá ann maidir le cúram leanaí (lena ndéantar athbhreithniú ar spriocanna Barcelona) agus cúram fadtéarmach. Mhol Parlaimint na hEorpa feabhas a chur ar sholáthar an chúraim ar feadh an tsaoil de réir riachtanais na ndaoine dá ndéantar cúram agus na soláthraithe cúraim, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit seirbhísí cúraim ardchaighdeáin a fhorbairt ([3]).

---

([1]) D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta um Lucht Saothair an Chúraim Sláinte san Aontas Eorpach in 2012.

([2]) An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society: report jointly prepared by the Social Protection Committee and the European Commission*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014, lch. 14. https://data.europa.eu/doi/10.2767/32352

([3]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Samhain 2018 *on care services in the EU for improved gender equality* [maidir le seirbhísí cúraim san Aontas le haghaidh comhionannas inscne níos fearr]. https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2018-0464_EN.html

2.4. Ghlac CESE roinnt tuairimí maidir le soláthar an chúraim san Aontas ([4]), inar cuireadh i bhfáth an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcúram ardchaighdeáin inbhuanaithe inrochtana do chách agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann ó thaobh cúram leanaí agus cúram fadtéarmach de. Chuir CESE in iúl na heasnaimh atá san iarracht cúram a sholáthar do chách, arb easnaimh iad a eascraíonn "as éagsúlacht agus cineál ilroinnte na seirbhísí atá á gcur ar fáil, as droch-rialáil seirbhísí, as deacrachtaí maidir le leibhéil bhainistíochta a chomhordú, as na fadhbanna a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus sláinte a chomhordú, as tráchtearrú méadaithe na seirbhisí, agus as an ngá atá le beartais agus bearta coisctheacha." Chuir sé in iúl nár cheart glacadh leis an steiréitíopáil ná leatrom ar bith eile ar dhaoine scothaosta, agus d'iarr sé go gcuirfí cúram duineláraithe ar fáil agus go dtacófaí leis trí bhíthin an digitithe. Sa chomhthéacs sin, tá CESE ag moladh an digitiú a chur chun lánfheidhme d'fhonn ró-ualach an pháipéarachais a laghdú ar oibrithe cúraim agus an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an rialáil chliste.

## 3. **Cur chuige claochlaitheach i leith an chúraim**

3.1. Ionas go n-éireoidh leis an straitéis Eorpach um chúram, ní mór cur chuige claochlaitheach uaillmhianach a ghlacadh, ceann a mbeidh daoine daonna agus a gcearta bunúsacha agus a gcuid riachtanas ina croílár, ceann a áiritheoidh rannpháirt na ndaoine sin sna comhairliúcháin agus i ndéanamh na gcinntí, agus ceann lena bhféadfaí cur leis an gcomhtháthú agus an cóineasú aníos idir na Ballstáit agus laistigh díobh.

3.2. Fíorú an chlaochlaithe sin a bheadh i Ráthaíocht Eorpach um Chúram, óir d'áiritheodh a leithéid go mbeadh rochtain ar feadh an tsaoil ag gach duine a bhfuil cónaí air san Aontas ar chúram inacmhainne ardchaighdeáin, chuirfeadh sé creat comhtháite ar fáil do na Ballstáit d'fhonn seirbhísí ardchaighdeáin agus straitéisí cúraim ar feadh an tsaoil a sholáthar, chuirfeadh sé feabhas ar dhálaí oibre agus oiliúint na gcúramóirí, agus thacódh sé le cúramóirí neamhfhoirmiúla.

3.3. Tá infheistíocht mhórscála i ngeilleagar agus i mbonneagar an chúraim ag teastáil le haghaidh cur chuige claochlaitheach lena dtabharfaí aghaidh ar bhearnaí arb ann dóibh i gcónaí i réimse an chúraim, infheistíocht a d'fhéadfadh thart ar 300 milliún post a chruthú faoi 2035 lena gcuirfí leis an gcomhionannas inscne agus le rochtain na mban ar na margaí saothair ([5]).

3.4. Cé gur ann do shamhlacha difriúla ó Bhallstát go Ballstát, is é an rud is tábhachtaí gur ann do sheirbhísí poiblí éifeachtúla cuntasacha dea-mhaoinithe má táthar le rochtain chomhionann ar chúram ardchaighdeáin a áirithiú agus le tacaíocht a thabhairt do sholáthraithe cúraim nach n-íoctar, mná go háirithe. Is mian le CESE a chur i bhfáth gur gá cur leis an gcomhlántacht agus an tsineirgíocht a oiread agus is féidir idir na soláthraithe cúraim agus cúraim sláinte uile san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon (an earnáil bhrabúis agus neamhbhrabúis) má táthar le cumhdach do chách a bhaint amach ([6]), agus an dea-chleachtas agus na dea-shamplaí ó na Ballstáit á gcur san áireamh agus aird á tabhairt ar na sainiúlachtaí agus na difríochtaí náisiúnta.

3.5. Is féidir go gcuirfear an neamhionannas in olcas de dheasca an chlaonta i dtreo an phríobháidithe agus cleachtais atá faoi anáil an mhargaidh, cuir i gcás idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine de réir a dhóichí atá sé go mbeadh cúram ag teastáil uathu agus uasmhéadú brabúis, agus is iad is mó a bhíonn thíos leis na daoine is leochailí a bhfuil riachtanais chúraim acu nach bhfuiltear ag freastal orthu. Is éard atá ag teastáil ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát ó thaobh cúram fadtéarmach agus cúram leanaí de, ar bhonn dlúthpháirtíochta ach aird á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus prionsabal na coimhdeachta, córais cosanta sóisialta láidre, seirbhísí poiblí láidre, infheistíocht shóisialta agus gníomhaithe geilleagair shóisialta – cumainn fhrithpháirteacha árachais, mar shampla – ionas gur ann do chúramóirí a bhfuil oiliúint leordhóthanach orthu ar féidir leo an cúram baile agus pobalbhunaithe is fearr is féidir a chur ar fáil ([7]).

3.6. Is féidir leas a bhaint as cistí struchtúracha agus infheistíochta an Aontais chun tacú leis an infheistiú in earnáil an chúraim. I dtaca le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, ba cheart don Choimisiún feabhas a chur ar an gcaoi a ndíríonn sé na moltaí tírshonracha laistigh den Seimeastar Eorpach agus, de réir mar is iomchuí, cabhrú le Ballstáit tús áite a thabhairt don chistiú leordhóthanach agus infheistíocht tháirgiúil a dhéanamh de in áit ualach eacnamaíoch.

---

([4]) IO C 129, 11.4.2018, lch. 44; IO C 487; 28.12.2016, lch. 7; IO C 204, 9.8.2008, lch. 103; Bróisiúr agus Tuairim CCMI/165 ó CESE (níl leagan Gaeilge ann), (IO C 240, 16.7.2019, lch. 10) (níl leagan Gaeilge ann); an tuairim ó CESE *I dtreo samhail chúraim nua do dhaoine scothaosta: ag foghlaim ó phaindéim COVID-19*, (IO C 194, 12.5.2022, lch. 19).

([5]) Addati, L., Cattaneo, U., agus Pozzan, E., *Care at work: investing in care leave and services for a more gender equal world of work*, An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an Ghinéiv, 2022. https://www.ilo.org/global/topics/care-economy/WCMS_838653/lang–en/index.htm

([6]) https://www.who.int/publications/i/item/WHO-HIS-SDS-2018.53.

([7]) Féach Tuairim SOC/496 ó CESE *Tionchar na hInfheistíochta Sóisialta ar Fhostaíocht agus ar Bhuiséid Phoiblí* (níl leagan Gaeilge ann), (IO C 226, 16.7.2014, lch. 21).

4. **Dálaí oibre, dúshláin agus deiseanna fostaíochta**

4.1. Tá tuairim is 6,3 milliún duine ag obair in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh san Aontas de bhreis ar na 44 mhilliún duine a dhéanann cúram neamhfhoirmiúil rialta de dhaoine muinteartha leo nó de chairde leo, i gceann de na hearnálacha is tapa fás ar domhan ([8]). Meastar go gcruthófar suas le 7 milliún post do ghairmithe in earnálacha na sláinte agus an chúraim faoi 2030 ([9]).

4.2. I measc na ndúshlán mór atá roimh earnáil an chúraim, tá easpa foirne, dálaí oibre crua ar deacair daoine a mhealladh leo, lucht saothair a bheith ag dul in aois, agus tearc-chistiú de dheasca ciorruithe a rinneadh ar na buiséid shóisialta agus sláinte sna Ballstáit le linn ghéarchéim eacnamaíoch 2008, cuid acu níos measa ná a chéile ([10]). Is mó an t-éileamh ar chúramóirí ná líon na gcúramóirí i mbeagnach gach tír san Aontas, de dheasca dálaí oibre atá crua ón taobh meabhrach agus coirp de agus ar cúis iad le hoibrithe an earnáil a fhágáil – claonadh a chuaigh in olcas de dheasca na paindéime, rud a bhain de shláinte agus sábháilteacht na ndaoine dá ndéantar cúram agus an lucht cúraim araon.

4.3. Ba cheart an comhionannas inscne a chur chun cinn mar chuid de chur chuige claochlaitheach, ó tharla gur mná iad os cionn 80 % de lucht saothair earnáil an chúraim, gurb iad na mná is mó a thugann faoin gcúram agus dá ndéantar cúram i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ([11]) agus gur sine na mná, ar an meán, ná lucht saothair an Aontais ina iomláine. Ós rud é gurb iad na mná is mó a thugann faoin gcúram sa teaghlach, dá mbeadh rochtain inacmhainne acu ar oideachas agus cúram luath-óige agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, bheadh a thuilleadh ban in ann a bheith páirteach sa mhargadh saothair. A bhuí leis an gceart ar a laghad cúig lá oibre saoire cúramóra a ghlacadh sa bhliain, a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, beidh tacaíocht éigin ar fáil do chúramóirí neamhfhoirmiúla a bhíonn ag iarraidh a gceart féin a thabhairt dá ndualgais oibre agus chúraim araon. Fágann a laghad saoire le pá leordhóthanach atá ar fáil nach féidir leas iomlán a bhaint as an bhforáil a dhéantar sa Treoir maidir leis an gceart sin agus gur féidir go gcuirfear leis an neamhionannas inscne dá dheasca.

4.4. Is lú an tuarastal san earnáil seo ná an meánphá in an-chuid tíortha san Aontas, d'ainneoin a chrua atá na dálaí oibre, d'ainneoin scileanna, inniúlachtaí, agus cáilíochtaí ar leith a bheith ag teastáil, agus d'ainneoin an bhaoil mhóir ceirde a bhaineann leis an obair ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de ([12]). I gcuid de na Ballstáit, is beag ceardchumannú nó cómhargáil a dhéantar, is beag sásamh a bhaintear as an bpost, agus is dona an cóimheas idir cúramóirí agus na daoine dá ndéantar cúram. Ar cheann de na heasnaimh a tugadh chun solais le linn na paindéime, chonacthas nach leordhóthanach soláthar an trealaimh cosanta phearsanta.

4.5. Is ceann de bhunchlocha an chúraim fhadtéarmaigh san Eoraip an cúram neamhfhoirmiúil gan íocaíocht, nó an cúram teaghlaigh, ach níor forbraíodh an cúram baile ná pobalbhunaithe nó is deacair rochtain a fháil orthu in an-chuid tíortha go fóill ([13]). I bhfianaise an tionchair a imríonn soláthar an chúraim neamhfhoirmiúil ar thorthaí tábhachtacha saoil, tá CESE a mholadh go mór tabhairt faoi bheartais a chuirfeadh an cúram neamhfhoirmiúil ar bhonn ní b'fhoirmiúla, a thacódh le cúramóirí neamhfhoirmiúla, agus a chuirfeadh le húsáid éifeachtúil na n-acmhainní.

---

([8]) Eurofound, *Long-term care workforce: Employment and working conditions*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020. https://www.eurofound.europa.eu/nb/publications/customised-report/2020/long-term-care-workforce-employment-and-working-conditions

([9]) Barslund, M., *et al.*, *Study: Policies for long-term Carers*, Parlaimint na hEorpa, an Bhruiséil, 2021. https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/695476/IPOL_STU(2021)695476_EN.pdf

([10]) https://www.euro.who.int/__data/assets/pdf_file/0011/186932/12-Summary-Economic-crisis,-health-systems-and-health-in-Europe.pdf

([11]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Long-term care report: trends, challenges and opportunities in an ageing society*, Imleabhar 1, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, lgh. 12, 28. https://data.europa.eu/doi/10.2767/677726

([12]) Féach fonóta 12, lgh. 68-70.

([13]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Zigante, V., *Informal care in Europe: exploring formalisation, availability and quality*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2018. https://data.europa.eu/doi/10.2767/78836

An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Spasova, S., *et al.*, *Challenges in long-term care in Europe: a study of national policies*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2018. https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8128&furtherPubs=yes

4.6. Is údar imní do CESE a fhorleithne atá an obair chúraim fhorbhásach i measc oibrithe cúraim neamhdhearbhaithe, arb oibrithe cúraim baile ban iad a bhfuil cónaí orthu in aontíos leis an duine dá ndéanann siad cúram a bhformhór, agus ar daoine de phobail imirceach nó de chatagóirí saoránach soghluaiste iad, den chuid is mó. Is measa fós an scéal de dheasca a laghad rochtain ar chúram foirmiúil atá ann agus de dheasca riachtanas eacnamaíoch. Tá cur chuige comhtháite beartais de dhíth ar an réimse éiginnte sin, ceann a thabharfaidh aird chuí ar dheimhniú scileanna, tabhairt chun rialtachta, agus/nó nósanna imeachta ceada.

4.7. De réir mar a théann an t-éileamh ar chúram fadtéarmach in airde, tiocfaidh ardú ar an tuarastal san earnáil, rud a dhéanfaidh níos tarraingtí í, agus rachaidh an ionadaíocht chomhchoiteann, an chómhargáil, agus a thuilleadh oiliúna chun tairbhe di. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar easpa foirne agus ardchaighdeán an chúraim fhadtéarmaigh a áirithiú ach leas a bhaint as cistiúchán poiblí a ghiaráiltear d'fhonn feabhas a chur ar dhálaí oibre (cuir i gcás, trí bhíthin ceangaltais a ghabhann le soláthar poiblí). Má táthar leis an earnáil a athnuachan, tá géarghá lena cur ar bhonn níos gairmiúla, cáilíocht a shainiú agus caighdeáin a leagan síos go cruinn lenar féidir an cháilíocht sin a mheasúnú nó a thomhas, agus caighdeáin a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát ([14]).

## 5. **Barúlacha eile**

5.1. Ó thit an phaindéim amach, tugadh chun solais an ilroinnt agus an scaipeadh atá ar bun, go háirithe i dtaca leis an soláthar agus freagrachtaí cistiúcháin in an-chuid Ballstát, rud a léiríonn an gá atá leis an gcúram sláinte agus na córais chúraim náisiúnta a comhtháthú níos fearr ([15]), óir is iadsan is fearr is féidir an beart a dhéanamh i dtaca le rochtain do chách agus éifeachtúlacht a áirithiú.

5.2. Ar cheann de na holldúshláin atá ag teacht chun cinn a bhfuil bearta comhbheartaithe mar chuid den straitéis nua chúraim ag teastáil ina leith, tá ceist na meabhairshláinte óir tá méadú ag teacht ar líon na bhfadhbanna meabhairshláinte ar toradh iad ar an bpaindéim agus ar an bpobal a bheith ag dul in aois (an néaltrú, cuir i gcás).

5.3. Mar is léir ón taithí a fuarthas le déanaí ar COVID-19 a chosc agus a rialú in ionaid cúraim fhadtéarmaigh ([16]), tá sé ríthábhachtach measúnú éifeachtach a dhéanamh agus maoirseacht agus cigireacht sheachtrach éifeachtúil chuíchóirithe a bheith ann, in ionaid chúraim phoiblí agus phríobháideach araon, má táthar le drochíde a chosc agus sábháilteacht agus ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha, daoine scothaosta, agus leanaí, agus an dea-chleachtas atá ann cheana sna Ballstáit á chur chun tairbhe.

5.4. Tá sé ríthábhachtach bailiú sonraí agus táscairí cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt don Aontas ina iomláine, má tá rath le bheith ar straitéis chúraim ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear ceanglais um thuairisciú agus athbhreithnithe rialta, a chuirfear i gcrích le nósanna imeachta éifeachtúla cuíchóirithe. I gcás soláthar leordhóthanach cúraim leanaí go háirithe, teastaíonn spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla chun dul chun cinn a thomhas agus chun spriocanna Barcelona a bhaint amach agus a shárú.

5.5. Tá sé riachtanach tacú le digitiú na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, má táthar le haghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an inrochtaineacht, córais chúnta, feabhsú na litearthachta digití agus an digitiú ar mhaithe le cáilíocht phoist, uas-sciliú, agus modhanna nua diagnóise, faireacháin agus cóireála.

---

([14]) Féach fonóta 12, caibidil 3.

([15]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society: report jointly prepared by the Social Protection Committee and the European Commission*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014, lch. 36. https://data.europa.eu/doi/10.2767/32352

([16]) Danis, K., *et al.*, *High impact of COVID-19 in long-term care facilities, suggestion for monitoring in the EU/EEA*. *Euro Surveillance* (Bealtaine 2020), 25(22). https://doi.org/10.2807/1560-7917.ES.2020.25.22.2000956

5.6. Is mian le CESE coireanna cogaidh arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise san Úcráin a cháineadh, ar coireanna iad a dhírítear ar oibrithe cúraim agus sláinte, othair, leanaí, ospidéil agus ionaid eile. De bhreis ar dhaoine a mharú agus a ghortú, tá an t-ionsaí sin ag cur isteach go rímhór ar chóras sláinte agus cúraim na hÚcráine. Tá cúnamh spriocdhírithe agus bearta tacaíochta á n-iarraidh ag CESE agus tá sé á chur in iúl freisin go bhfuil drochthionchar na géarchéime san Úcráin á leathadh amach i gcéin is i gcóngar agus ag cur isteach ar an-chuid gnéithe den saol sóisialta agus eacnamaíoch.

5.7. Tá sé ríthábhachtach idirphlé sóisialta a bheith ar bun a bhfuil rialtais, fostóirí, oibrithe agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha páirteach ann, má tá straitéis chúraim chlaochlaitheach agus córais athléimneacha sláinte agus cúraim le bheith san Aontas. Ní mór rannpháirt a thabhairt don lucht cúraim agus an dream dá ndéantar cúram sa phleanáil maidir le héiceachóras cúraim agus sláinte a bheidh cuimsitheach agus athléimneach, agus a mbeidh comhionannas inscne ann, agus ba cheart páirt a thabhairt sa phleanáil freisin don tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí eile, cuir i gcás na pobail chreidimh agus an lucht daonchairdis.

## 6. **Barúlacha ginearálta maidir le lucht saothair sláinte**

6.1. Is ionann cúram sláinte maith agus bunchloch na sochaí cobhsaí daingne rathúla agus is é dualgas an rialtais é sin a eagrú. Is gnáthrud é in an-chuid tíortha a bheith ag brath ar chostas íseal agus earcú tapa na n-oibrithe sláinte ó thíortha eile san Eoraip. Glactar leis gurb amhlaidh atá an saol agus fágtar sin mar atá, rud ar mór an náire é.

6.2. Tá CESE tiomanta don phrionsabal nach féidir córais sláinte láidre athléimneacha a chur ar bun ná a fhorbairt ach amháin má tá lucht saothair sciliúil ann a bhfuil oiliúint agus fonn oibre air, rud atá riachtanach i dtaca le beartas sláinte a mbeidh rath air a thabhairt isteach agus, dá thoradh sin, i dtaca le cumhdach sláinte agus an ceart chun sláinte a bhaint amach do chách. I measc na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa fiú, éilíodh "ceart chun sláinte" a chruthú, lena n-áiritheofaí rochtain chomhionann do mhuintir uile na hEorpa ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach íceach ardchaighdeáin.

6.3. Ba cheart go gcuirfeadh Aontas Sláinte na hEorpa feabhas ar an gcosaint, an cosc, an ullmhacht, agus an fhreagairt ar leibhéal an Aontais ó thaobh bagairtí ar shláinte an duine de. Sa chomhthéacs sin, tá príomhthionscnaimh uile Aontas Sláinte na hEorpa ag brath go mór ar lucht saothair sláinte ardchaighdeáin a bheith ann.

6.4. Thug CESE aghaidh ar cheist an lucht saothair sláinte i gcomhthéacsanna agus gníomhaíochtaí iomadúla eile, i roinnt tuairimí dá chuid ([17]). Is sa bhearna bhaoil a bhíonn na hoibrithe sláinte ag obair, go háirithe in aimsir phaindéime, mar a léiríonn siad dlúthpháirtíocht thar na bearta in am an ghátair.

6.5. Tá CESE i bhfabhar bearta a dhéanfadh poist in earnáil an chúraim sláinte ní ba tharraingtí i dtuairim na ndaoine óga. Tá sé sin ar cheann de na réamhriachtanais is tábhachtaí atá ann i dtaca le hacmhainní daonna leordhóthanacha a chruinniú sna córais cúraim sláinte le gur féidir freastal ar na riachtanais cúraim sláinte, an tsláinte a chur chun cinn, agus galair a chosc.

6.6. Ba cheart na sonraí maidir leis an líon daoine, imirce, scileanna, agus gnéithe sonracha eile de chás an lucht saothair sláinte a chaighdeánú agus a roinnt le chéile ó Bhallstát go Ballstát. Is léir ó na tubaistí éagsúla a thit amach le blianta beaga anuas (paindéim COVID-19, creathanna talún, tuilte, ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus mar sin de) a thábhachtaí atá sé freagairt thapa a dhéanamh, go háirithe i gcás géarchéime.

6.7. Tháinig ardú 48 % ar líon na ndaoine a bhí ag obair sna seirbhísí sláinte agus cúraim i dtíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ó 2000 go dtí 2017 ([18]). De réir mar a théann an pobal in aois agus mar a thagann athrú ar an bpobal atá ann, rachaidh an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte in airde agus tiocfaidh athrú ar a bhfuil á éileamh: meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó beagnach ar an éileamh domhanda ar oibrithe sláinte faoi 2030 ([19]).

6.8. Sular thit paindéim COVID-19 amach fiú, bhí teorainn leis an gcumas seirbhísí bunúsacha sláinte a sholáthar in an-chuid tíortha de dheasca ganntanais leanúnacha foirne. Meastar go mbeidh easnamh 18 milliún gairmí sláinte faoi 2030 ([20]).

---

([17]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 109 (níl leagan Gaeilge ann); IO C 429, 11.12.2020, lch. 251 (níl leagan Gaeilge ann), IO C 242, 23.7.2015, lch. 48 (níl leagan Gaeilge ann), IO C 143, 22.5.2012 (níl leagan Gaeilge ann); IO C 18 19.1.2011, lch. 74 (níl leagan Gaeilge ann); IO C 77, 31.3.2009, lch. 96 (níl leagan Gaeilge ann).

([18]) https://one.oecd.org/document/ECO/WKP(2021)43/en/pdf

([19]) Liu J.X., *et al*., *Global health workforce labor market projections for 2030*. *Human Resources for Health* (2017), 15(11). https://human-resources-health.biomedcentral.com/articles/10.1186/s12960-017-0187-2

([20]) https://www.who.int/health-topics/health-workforce#tab=tab_1

6.9. Tá sé tábhachtach na prionsabail maidir le haistriú nó teaglaim fhéideartha scileanna agus cúraimí (aistriú cúraimí / meascán inniúlachtaí) a shainiú go soiléir. Is gá comhordú a dhéanamh leis na hinstitiúidí a chuireann oiliúint ar an lucht saothair ionas go bhfreastalófar go cuí ar riachtanais an chórais cúraim sláinte náisiúnta ach athrú cuí a dhéanamh ar bhonn tráthúil ar na rátaí rollaithe agus na curaclaim.

6.10. Ba cheart prionsabail an chomhordaithe, an chomhair thrasnaigh, agus an chúraim chomhtháite a chleachtadh agus acmhainní daonna á bhforbairt in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta, agus an bhunsprioc chéanna ann i gcónaí leanúnachas cúraim a bheith ar fáil do na saoránaigh ó mhaidin go hoíche, seacht lá na seachtaine, gach lá den bhliain.

6.11. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an bhfáil atá ar an gcóireáil sa phobal áitiúil, go háirithe i gceantair atá tearc i ndaoine, i gceantair thuaithe iargúlta nó scoite, agus ar oileáin, mar ar gá dul i muinín réitigh iompair agus teilileighis nua ar bhonn níos rialta.

## 7. **Lucht saothair sláinte a phleanáil**

7.1. Creideann CESE gur gá gurb é is aidhm le pleanáil an lucht saothair sláinte cúinsí a chruthú ina dtiocfaidh cleachtas gairmiúil chun cinn a chuirfidh le caighdeán an chúraim agus sábháilteacht na n-othar. San am céanna, ní mór a bhfuil d'acmhainneacht ann oiliúint ardchaighdeáin a chur ar fáil a áirithiú ar gach leibhéal.

7.2. Ní mór caitheamh le bainistiú an lucht saothair sláinte mar ghníomhaíocht thábhachtach ó thaobh straitéise de ar leibhéal riarachán an stáit ina iomláine, ní mór do rialtas an Bhallstáit féin aghaidh a thabhairt air, ní mór é a chur chun feidhme ar bhonn ilearnálach, agus ní mór dearcthaí agus tosaíochtaí difriúla a chur san áireamh ann.

7.3. Mar chuid de bhainistiú an lucht saothair sláinte, ní mór aghaidh a thabhairt ar gach céim de shaol oibre an ghairmí, cuir i gcás daoine a earcú as measc na ndaoine a bheidh ina mic léinn amach anseo agus na ndaoine atá ar scor. Ba cheart próiseas trédhearcach cothrom, gan rian leatroim, a bheith sa phróiseas a bhaineann le roghnú na n-iarrthóirí ar oiliúint, post, agus ardú céime.

7.4. Agus lucht saothair na sláinte á phleanáil, tá sé tábhachtach riachtanais na saoránach agus na n-oibrithe sláinte a chur san áireamh agus a chur in iúl go soiléir. Leis na próisis phleanála agus bhainistíochta, ní mór modhanna a bhunú dá réir ar féidir riachtanais uile na ngairmithe a thabhairt faoi deara, ó dhálaí oibre, cearta ábhartha, deiseanna dul chun cinn a dhéanamh, am agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil chun foghlaim agus taighde a dhéanamh, go dtí cothromaíocht inbhuanaithe idir an saol oibre agus pearsanta.

7.5. Ní mór pleanáil an lucht saothair sláinte a bheith ina léiriú ar phleanáil an struchtúir féin. Ní mór na bearta a dhéantar agus na próisis a úsáidtear chun na spriocanna arna leagan síos a bhaint amach a bheith ina léiriú air sin freisin, is é sin le rá an chaoi a gcinntear a bhfuil ag teastáil agus mar a bhainfear an méid sin amach.

7.6. Tá CESE ag moladh an Plean Gníomhaíochta um Lucht Saothair an Chúraim Sláinte san Aontas Eorpach ([21]) a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé riachtanach, má táthar le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí sin, pleanáil agus réamhaisnéisiú comhtháite maidir leis an lucht saothair a fhorbairt agus scileanna lucht saothair an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú.

7.7. Ní mór páirt ghníomhach i bpróiseas pleanála an lucht saothair sláinte a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta agus na heagraíochtaí sochaí sibhialta ábhartha go léir. Is gá an caidreamh idir na grúpaí gairmithe difriúla, riachtanais shonracha an phobail, agus an córas féin a shainiú ó thaobh inniúlachtaí áirithe de.

7.8. Má táthar le cearta na saoránach a chosaint agus dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil do ghairmithe sláinte, caithfear limistéir gheografacha mhítharraingteacha agus réimsí gníomhaíochta a bhfuil easpa acmhainní daonna iontu a aithint. Tá CESE á mholadh don Choimisiún Eorpach moltaí a eisiúint i dtaca le híoschóimheasa acmhainní in aghaidh aonad daonra le haghaidh an bhunchaighdeáin cumhdaigh sláinte uilíoch agus cásanna éigeandála, agus dáileadh geografach agus próifíl aoise á gcur san áireamh ([22]).

([21]) D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta um Lucht Saothair an Chúraim Sláinte san Aontas Eorpach in 2012.

([22]) CPME Policy on Health Workforce: https://www.cpme.eu/policies-and-projects/professional-practice-and-patients-rights/health-systems-and-health-workforce

7.9. D'fhonn bonn a chur faoi na moltaí siúd, tá sé tábhachtach feabhas a chur ar bhailiú idirnáisiúnta na sonraí agus catagóirí sonraí a chomhchuibhiú de réir mar is féidir ionas go mbeifear in ann difríochtaí a thabhairt faoi deara agus nach mbainfear ciall chontráilte as na sonraí. Tá sé tábhachtach go mbeifear in ann éagsúlachtaí náisiúnta a léiriú leis na catagóirí comhchuibhithe Eorpacha, ionas gur féidir na sonraí a chur i gcomhthéacs ([23]).

7.10. Is de réir chúinsí airgeadais an Bhallstáit féin a thabharfar aghaidh ar cheist na n-acmhainní airgeadais. Tugann an fhianaise le fios gur gá do na Ballstáit a áirithiú agus iad i mbun an córas ginearálta a phleanáil, agus i gcás phleanáil an lucht saothair sláinte go háirithe, go gcuirfear san áireamh an timpeallacht iomlán agus cumas an rialtais tionchar a imirt uirthi ([24]).

7.11. Ba cheart forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur san áireamh agus lucht saothair á phleanáil, mar cuirtear deiseanna ar fáil a bhuí leis an nuálaíocht sna réimsí sin timpeallachtaí oibre agus cúinsí nua a chruthú inar féidir cúram a sholáthar, agus bíonn scileanna nua ag teastáil dá thoradh.

8. **Dálaí oibre**

8.1. I bhfianaise a thábhachtaí atá dálaí oibre agus cinneadh á dhéanamh ag gairmithe an gcuirfidh siad tús le gairm in earnáil na sláinte, an gcoinneoidh siad orthu inti, nó an bhfágfaidh siad í, tá sé fíorthábhachtach beartais chomhtháite a bheith ann i réimsí amhail réimsí an oideachais, na fostaíochta, an tsaoil teaghlaigh, an airgeadais, agus na himirce. Cé go ndírítear go mór ar chúrsaí tuarastail agus earcú agus coinneáil foirne á bplé mar chuid de phleanáil an lucht saothair sláinte, is iomaí rud eile a chuireann le timpeallacht shlántúil oibre agus a d'fhéadfadh gairm tharraingteach thairbheach a dhéanamh de ghairm san earnáil, an méid seo a leanas san áireamh: rochtain ar oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil agus tacaíocht chun scileanna a chothú, dálaí praiticiúla amhail cúram a bheith ar fáil, uaireanta oibre oifigiúla, soláthar sábháilte foirne, deiseanna forbartha gairmiúla fónta, agus cothromaíocht oibre is saoil ([25]).

8.2. De réir eagraíochtaí míochaine Eorpacha agus idirnáisiúnta, tá méadú ag teacht ar líon na gcásanna inar gá do lianna a bhíonn ag obair in ospidéil nó i gclinicí ginearálta nó príobháideacha dul i ngleic le foréigean – foréigean fíochmhar, scaití – sa ghnáthobair laethúil, lasmuigh de chomhthéacs coinbhleachta ar bith ([26]). Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus na geallsealbhóirí uile tiomantas polaitiúil a léiriú agus aird a thabhairt ar an ngéarghá atá leis an lucht saothair sláinte a chosaint agus iad i mbun a gcuid oibre.

8.3. Bíonn oibrithe cúraim sláinte i mbaol galair thógálacha a tholgadh trí bhíthin teagmháil san ionad oibre. Bíonn an tras-seoladh galar ina chúis leis an neamhláithreachas, an ghalracht, agus, i gcásanna áirithe, an bás i measc oibrithe cúraim sláinte. Laghdaítear an lucht saothair dá dheasca sin go léir, rud a bhaineann de chaighdeán chúram agus shábháilteacht na n-othar dá réir.

8.4. Féadann sé go bhfuil brú síceolaíoch nó neamhord meabhrach ag baint d'oibrithe cúraim sláinte freisin, rudaí ar féidir leo cur isteach ar a gcuid oibre agus ar a saol pearsanta araon. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar thuairiscí ar oibrithe cúraim sláinte a ghearr siar ar a gcuid uaireanta oibre nó a d'éirigh as go luath agus iad cloíte ag an obair, agus dúlagar orthu, nó agus breoiteacht mheabhairshláinte orthu ([27]). Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar infheistíocht i seirbhísí meabhairshláinte poiblí lena áirithiú go mbeidh teacht ag na gairmithe sláinte go léir ar na seirbhísí céanna.

([23]) Féach fonóta 2.
([24]) Russo G., *et al. Can we halt health workforce deterioration in failed states? Insights from Guinea Bissau on the nature, persistence and evolution of its HRH crisis*. Human Resources for Health (2017), 15(1):12.
([25]) Féach fonóta 2.
([26]) https://www.cpme.eu/api/documents/adopted/2020/3/EMOs.Joint_.Statement.on_.Violence.FINAL_.12.03.2020.pdf
([27]) Dyrbye, L. N., *et al*., *Burnout among health care professionals: A call to explore and address this underrecognised threat to safe, high-quality care. NAM Perspectives*. Discussion Paper, National Academy of Medicine, Washington, DC, 2017.

9. **Soghluaisteacht**

9.1. Is mian le CESE a chur i bhfáth gur gá aird a thabhairt ar an gceart chun soghluaisteachta laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Ba cheart soghluaisteacht trasteorann a éascú ar mhaithe leis an oibrí aonair agus an ghairm ina hiomláine, ós rud é gur deis atá ann eolas a aistriú agus foghlaim ó chéile, rudaí a théann chun tairbhe do chúram na n-othar agus, i ndeireadh na dála, don chóras cúraim sláinte ina iomláine. I gcás imirce de dheasca riachtanas eacnamaíoch nó droch-dhálaí oibre, tá sé riachtanach bunchúiseanna na faidhbe a aimsiú, aghaidh a thabhairt orthu, agus iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chás an lucht saothair sláinte ([28]).

9.2. Cuireann an tsoghluaisteacht trasteorann gné bhreise le pleanáil an lucht saothair. Ba ghné áisiúil fhadtéarmach den bhonneagar é seirbhís Eorpach um fhaireachas ar lucht saothair na sláinte a bhunú chun cuidiú leis na Ballstáit struchtúir phleanála a leagan síos agus a choimeád agus gnéithe trasteorann den phleanáil a chomhordú. Ba cheart an tsoghluaisteacht a nascadh le próisis de chuid an Aontais, go háirithe an Seimeastar Eorpach agus pleanáil i gcomhair paindéimí arna beartú mar chuid de rialachán Eorpach a bheidh ann amach anseo maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar shláinte ([29]).

9.3. Ní mór do na Ballstáit beartais earcaíochta eiticiúla a chur chun feidhme i gcomhréir le Cód Cleachtais Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le hEarcaíocht Idirnáisiúnta Pearsanra Sláinte ([30]). Níor cheart dul i muinín earcú na ngairmithe ón gcoigríoch mar fhreagra simplí ar fhadhb an ghanntanais foirne cúraim baile. Nuair is ann do shreafaí éagothroma soghluaisteachta, ba cheart iarracht a dhéanamh cothromaíocht a bhaint amach agus malartuithe a chothú a rachadh chun tairbhe do gach taobh.

10. **Barúlacha eile**

10.1. Ní mór ceannaireacht éifeachtach a bheith ann chun gairmithe sláinte a bhainistiú ar gach leibhéal. Is cuid chasta den oideachas cúraim sláinte í a bhfuil an-tóir uirthi agus a aithnítear níos mó agus níos mó mar rud atá riachtanach má táthar le hardchaighdeáin a bhaint amach ó thaobh oideachais, taighde, agus cleachtas cliniciúil de.

10.2. Dá bhrí sin, ba cheart oideachas ceannaireachta ardchaighdeáin leordhóthanach a bheith ina chuid de churaclam na ngairmeacha sláinte go léir ([31]).

An Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG

([28]) An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society: report jointly prepared by the Social Protection Committee and the European Commission*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014, lch. 14. https://data.europa.eu/doi/10.2767/32352

([29]) An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Adequate social protection for long-term care needs in an ageing society: report jointly prepared by the Social Protection Committee and the European Commission*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2014, lch. 14. https://data.europa.eu/doi/10.2767/32352

([30]) https://www.who.int/publications/m/item/migration-code

([31]) Van Diggele, C., *et al.*, (2020), *Leadership in Healthcare Education*, BMC Medical Education, 20 (Forlíonadh 2), 456. https://doi.org/10.1186/s12909-020-02288-x